C/2024/4109

25.6.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1779 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1778 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

(C/2024/4109)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na ndaoine, a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1779 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1778 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine a luaitear sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 agus i Rialachán (AE) 2019/796. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin na forais ar a ndearnadh na daoine lena mbaineann a liostú.

Tugtar ar aird na ndaoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó a ar a Bhallstáit, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 15 Eanáir 2025**, ag an seoladh a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Tugtar ar aird na ndaoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 13.
([2]) IO L, 2024/1779, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1779/oj.
([3]) IO L 129 I, 17.5.2019, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/1778, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1778/oj.